C/2024/2258

19.3.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11417 – GENERALI / GSD / GK HOLDING / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/2258)

1. An 11 Márta 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Generali Italia S.p.A. ('Generali', an Iodáil),

— Gruppo San Donato S.p.A. ('GSD', an Iodáil),

— GK Holding Italia S.r.l. ('GK Holding', an Iodáil),

— Smart Clinic S.r.l. ('Smart Clinic', an Iodáil).

Gheobhaidh Generali, GSD, agus GK Holding rialú comhpháirteach ar Smart Clinic de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuid de Gruppo Generali é Generali, atá gníomhach go príomha san Eoraip san earnáil árachais agus airgeadais, i soláthar agus dáileadh táirgí árachas saoil, neamhshaoil agus athárachais, i soláthar seirbhísí réadmhaoine agus bainistiú sócmhainní,

— Is cuid de Gruppo San Donato é GSD, atá gníomhach go príomha san Iodáil san earnáil sláinte phríobháideach, agus a sholáthraíonn seirbhísí ospidéil agus othar seachtrach thar ceann na seirbhíse sláinte poiblí (SSN) agus go príobháideach.

— Is cuid de GK Group é GK Holding, agus tá sé gníomhach ar bhonn domhanda i seirbhísí comhairleacha agus in éifeachtúlacht fuinnimh, i réadmhaoin agus i bhfoirgníocht. San Eoraip, oibríonn GK Group go príomha trí GKSD, a sholáthraíonn - trína fhochuideachtaí - na seirbhísí sin do chuideachtaí san Iodáil agus thar lear.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó Smart Clinic: Is cuideachta é Smart Clinic atá gníomhach i soláthar chúram sláinte agus scrúduithe diagnóiseacha othar seachtrach, faoin gcomhaontú leis an tseirbhís sláinte phoiblí (SSN) agus go príobháideach. Tá Smart Clinic gníomhach go heisiach san Iodáil, trí deich saoráid sa Lombaird. Tá sé faoi rialú aonair GSD faoi láthair.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11417 – GENERALI / GSD / GK HOLDING / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË